

Páirc an Óir

Proinsias Ó Cuilinn

Foireann

Tuathal

Gráinne

Bidí

Colm

Tomás

JJ

Sitting Bull / tarbh 'na Shuí

Custer

Cheyenne Jack

Sáirsint

Leifteanant

Nathair Nimhe

Béar Dubh

Sionnach Críonna

Iolar Gasta

Seabhad Donn

Leon Bán

Giorria Liath

Coinín Bán

Capall

Buffalo Cróga
Captaen Benteen
Keogh

Radharc 1

Taobh amuigh. Taobh sléibhe i Meiriceá. Ta Tuathal agus Gráinne ag obair. Tá piocóid ag Tuathal agus grideall ag Gráinne. Stadann Tuathal agus glacann sé deoch uisce.

Tuathal

Ó Lorda, níl a fhios agam cad é atá mé ag déanamh anseo, a Ghráinne. Sclábhaíocht ó mhaidin go hoíche. Cad chuige ar éist mé leat ar chor ar bith? Rachaidh muid go Meiriceá, a Thuathail, amach chuig na páirceanna óir. Ó, is muid a bheas saibhir. Saibhir? Trí bliana iomlán atá muid anseo agus níl leathphingin againn le taispeáint fá na choinne.

Gráinne

Tiocfaidh biseach le ham, a Thuathail. Fan go bhfeice tú.

Tuathal

An dtiocfaidh biseach ar mo dhroim? Cad chuige ar fhág mé na Dúnaibh? Bhí saol an mhadaidh bháin againn ansin.

Gráinne

Saol an mhadaidh bháin. Cad é a bhí againn? Cró beag is dhá chearc ghor agus bochtanas.

Tuathal

Cad é atá againn anseo sna Dakotas? Cró beag is dhá shluasaid agus bochtanas.

Gráinne

Cha raibh dóigh ar bith amach as an bhochtanas ná as an ocras sna Dúnaibh. Tá anseo.

Tuathal

Ó, an bhfuil anois? Cad é seo a mhothaím i mo bholg? Fan go bhfeice mé. Ó, tá a fhios agam cad é atá ann. Ocras. Sin an rud atá ann.

Tógann Gráinne mála beag agus tugann sí píosa beag aráin dó. Téann Gráinne ar ais ag obair.

Gráinne

Ith sin agus ansin gabh ar ais ag obair. Ní bhfaighidh tú ór ar bith is tú i do shuí i rith an lae.

Tuathal

D'fhág mé mo chuid cairde uilig i mo dhiaidh. Na comharsana deasa a bhí againn.

Gráinne

Chaith tú do shaol ag troid leis na comharsana deasa. Go háirithe Feargal Mór.

Tuathal

Cad iad na comharsana atá thart anseo againn? Indians. Tá na mílte de na Sioux thart orainn. Níl trócaire acu do dhuine ar bith. C'ainm atá ar an bhoc sin? Sitting Bull, sin é. Tá seisean níos measa ná Feargal Mór. Mharaigh siad seachtar de na mianadóirí eile cúpla lá ó shin.

Gráinne Bhí siadsan ag obair níos faide síos. Ní fhaca muid Sioux ar bith abhus anseo. Tá muid sábháilte go leor. Anois, an bhfuil tú ag iarraidh ormsa an obair uilig a dhéanamh?

Tuathal Ó, Lorda, Yakaití yak yak ó mhaidin go hoíche.

Gráinne Dá ndéanfá rud inteacht ní bheadh feidhm orm mo bhéal a oscailt.

Tuathal Bheadh sé deas an lá sin a fheiceáil.

Tagann Bidí agus Colm isteach agus barra leo.

Bidí Bhal, a Ghráinne, a Thuathail. Nach bhfuil sibh réidh le fágáil.

Tuathal Cad chuige a mbeadh muid réidh le fágáil?

Bidí Níl sé sábháilte thart anseo anois. Mharaigh na Sioux cúigear de na mianadóirí maidin inniu.

Gráinne Ní thagann siad abhus an fad seo.

Colm Thig leofa dul áit ar bith. Tá ár sáigh againne den áit seo. Goitse, a Bhidí.

Bidí An bhfuil sibh ag iarraidh orainn fanacht go bhfuil sibh réidh?

Gráinne Níl muidinne ag fágáil.

Bidí Do chinneadh féin atá ann, a Ghráinne. Slán libh.

Colm Coinnigh do ghunna le do thaobh, a Thuathail.

Imíonn siad.

Tuathal Is tú atá ramhar sa réasún. Tá achan duine eile ag fágáil.

Gráinne Níl muidinne.

Tuathal Níl muidinne.

Tógann sé a ghunna agus amharcann sé air.

Seo é an t-aon rud atá idir mise is tusa is na Sioux.

Tugann Gráinne shuasaid dó.

Gráinne Ní thig leat ór a bhaint ón talamh le gunna.

Tuathal Ní thig linn é a bhaint le sluasaid ach oiread. Má chluinimse Woo Woo amháin beidh mé amuigh as seo.

Téann Tuathal ar ais ag obair. Ritheann dhá mhianadóir isteach agus gunnaí leo.

Tomás Cad é atá sibh ag déanamh? Glanaigí suas, a Thuathail. Tá na Sioux ag dul ar mire thíos an bealach. Tá na mílte acu ann.

Tuathal Ó, an bhfuil? Go raibh maith agat, a Thomáis. Anois, nár inis mé duit, a Ghráinne. Tá na Sioux ag teacht.

Gráinne Ní thiocfaidh siad an fad seo. Tá muid thuas ar bharr an chnoic.

JJ Tá fonn cogaidh orthu, a Ghráinne. Tá siad ar an warpath.

Tuathal Goitse, a Ghráinne. Bailigh suas. Caithfidh muid imeacht.

Gráinne Níl mise ag dul áit ar...

Cluinimid na hIndians.

Tuathal Sin é. Déan deifir, a Ghráinne.

Tomás Coinneoidh muidinne súil ar rudaí go dtí go bhfuil sibh réidh. Goitse, a JJ.

Téann Tomás agus JJ ar a nglúine ar dheis ag amharc amach.

Gabh thusa siar go dtí an charraig sin, a JJ. Beidh mise sna crainn sin thall.

JJ Maith go leor.

Amach leis.

Tomás Na cuirigí am ar bith amú, a Thuathail.

Tuathal Thig leat a bheith cinnte de sin, a Thomáis.

Amach le Tomás. Téann Tuathal isteach go dtí an cró agus tagann sé amach le mála.

Déan deifir, a Ghráinne.

Gráinne Níl mise ag dul áit ar bith.

Tuathal

A Ghráinne, ná bí leath chomh ramhar sa réasún is atá tú. Caithfidh muid imeacht.

Tógann Gráinne an grideall agus tosaíonn sí ag obair.

Gráinne

Imigh thusa más mian leat. Dhíol muid ar shon an tsuímh seo agus níl mise chun é a chailleadh de thairbhe scaifte beag Indians. Cad é an sórt fir atá ionat?

Tuathal

Ó, sin ceist mhaith. Fear atá ionam a d'fhág achan rud i mo dhiaidh le teacht anseo ar mhaithe leatsa. Shiúil mé rith an bhealaigh ó Bhoston le bheith anseo. Dóbair gur bádh mé sa Mississippi. Throid mé leis na Cheyenne, na hArapahoe agus anois tá na Sioux sa mhullach orm. Cad é an sórt fir mise? Níl thig thú a shásamh.

Tugann Gráinne sluasaid dó.

Gráinne

Tosaigh thusa ag obair is beidh mise sásta.

Tuathal

Maith go leor. Déanfaimid neamhaird de na hIndians. Ligfimid orainn féin nach bhfuil siad thíos ansin ag déanamh slad ar dhaoine. Coinneoidh muid ag dul ag scríobadh sa pholl seo. Cuir amú ama, i mo thuairimse. Níl pioc óir anseo.

Cuireann sé clocha sa ghrideall. Tógann Gráinne cloch agus glanann sí é. Is ór atá ann.

Má thagann na Sioux orainn ní bheidh a fhios ag duine ar bith go bhfuil Tuathal bocht ina luí marbh thuas ar bharr na Sléibhte Dubha i Dakota is mo chuid gruaige crochta i wig-wam éigin. Ní bheidh paidir ráite ar mo shon. Ta mé ag insint duit...

Gráinne

A Thuathail, amharc.

Tuathal

Cad é?

Gráinne

Amharc.

Tógann Tuathal an chloch. Tá iontas air.

Tuathal

Ór. Is ór atá ann. A Ghráinne, is ór atá ann. Amharc chomh mór is chomh trom is atá an píosa seo.

Tógann Gráinne cloch eile is glanann sí é.

Gráinne Cloch atá ann. An b'é sin an t-aon phíosa atá ann.

Tuathal Is cuma más mar sin atá sé. Tá go leor sa phíosa seo. Beidh muid ábalta uirlisí úra a cheannach is fir a chur ag obair dúinn. Tá muid saibhir, a Ghráinne. Bhí a fhios agam go raibh ór anseo.

Fágann sé an t-ór ar an talamh agus déanann siad damhsa thart. Stadann siad.

Á, a Ghráinne, nach ndúirt mé i gcónaí go raibh ór anseo.

Tagann Tomás agus JJ isteach le saigheada iontu. Tchíonn Gráinne iad. Titeann siad. Tá siad marbh.

Mianach Thuathail an t-ainm a bheas ar an áit seo, a Ghráinne.

Gráinne A Thuathail.

Tuathal Tógfaidh muid teach mór anseo.

Scairteann Gráinne.

Gráinne A Thuathail.

Tuathal Cad é anois?

Tchíonn sé an bheirt ina luí.

Ó, a Dhia ár sábháil. Indians. Nár inis mé duit? Ar éist tú liom? Gasta! Caithfidimid imeacht!

Cluinimid na Sioux.

Gráinne Tá muid rómhall. Caithfidh muid dul i bhfolach.

Tuathal Maith go leor.

Ritheann sé isteach sa chró.

Gráinne A Thuathail! A Thuathail!

Tagann Tuathal amach.

Tuathal Cad é?

Gráinne Cad é atá tú ag déanamh?

Tuathal Tá mé ag dul i bhfolach.

Gráinne Sin an chéad áit a rachaidh siad ann. Isteach anseo leat.

Téann siad ar chúl an bhalla le taobh an chró.

Tuathal Rinne mé dearmad den ór.

*Tá sé ar tí éirí nuair a ritheann na Sioux isteach. Síos le Tuathal.
Tógann cuid acu na coirp amach agus amharcann an chuid eile thart.*

Tarbh Amharcaigí thart. B'fhéidir go bhfuil duine nó beirt thart go fóill. A Nathair Nimhe, amharc thusa sa teach sin.

Nathair Maith go leor, a Sitting Bull.

Téann Nathair isteach sa teach agus tagann sé amach le scáthán.

Nathair Amharc seo.

Tosaíonn siad uilig ag gáire. Suíonn sé ar an bhalla. Tógann fear acu an píosa óir.

Tarbh A Iolair Gasta, cad é atá agat ansin?

Iolar Sílimse gur ór atá ann.

Éiríonn Gráinne agus tarraingíonn Tuathal anuas í.

Tarbh Taispeáin dom. Is é, ór atá ann. Má théann an scéal amach go bhfuil an mianach seo saibhir beidh na mílte ag teacht an bealach seo. Dóigí an teach. Glanaigí suas an áit. Ná fág rud ar bith thart. A Nathair Nimhe, tabhair beirt leat agus faigh na boic a bhí ag obair anseo. Ní thig leo a bheith rófhada ar shiúl.

Nathair Cad é a dhéanfaidh mé leofa?

Tarraingíonn Bull a mhéar trasna a scornaí.

Tarbh Bí cinnte go bhfuil siad marbh.

Siúlann Nathair ar chlé.

Nathair Tusa, is tusa, tagaigí liomsa.

Tarbh Agus a Nathair Nimhe, ná tar ar ais gan a gcuid gruaige crochta ar bhata.

Nathair Ná bí imníoch, gheobhaidh mise iad.

Imíonn siad.

Tarbh Déanaigí cinnte nach bhfuil a dhath eile den ór seo ina luí thart.

Tagann beirt eile isteach ar dheis. An Béar Dubh agus an Sionnach Críonna.

Béar / Sionnach How.

Tarbh How.

Béar A Sitting Bull, tá na saighdiúirí ag teacht an bealach seo.

Tarbh An bhfuil mórán acu ann?

Sionnach Tá lear acu ann. Tá drochscéal eile againn fosta.

Tarbh Cad é an drochscéal atá agaibh?

Sionnach Tá Custer i gceannas orthu.

Tarbh Tá Custer i gceannas orthu? Ó, ní drochscéal sin. Sin dea-scéal. Is fada an lá mé ag fanacht ar deis a fháil ceann a chur trasna ar an slíbhín sin. A Bhéar Dhuibh bailigh thusa dosaen de na gaiscígh a bhfuil na capaill is gaiste acu. Gabhaigí síos an bealach agus lig do Custer sibh a fheiceáil. Meall iad i dtreo an Little Big Horn. Labhróidh mise leis na Cheyenne níos moille. Cuirfimid fáilte mhór roimh Custer agus a airm.

Imíonn Béar Dubh.

Sionnach

Cad é fá dtaobh domsa?

Tarbh

Téigh thusa chuig na Cheyenne, abair leis An Chapall Mire a theacht chugam tráthnóna é féin agus a chuid gaiscíoch.

Sionnach

Déanfaidh mé sin. Ó! Cad é tharla don bheirt a raibh an mianach seo acu?

Tarbh

Cad chuige? An raibh aithne agat orthu?

Sionnach

Labhair mé leofa am amháin. Tuathal agus Grainne. Ó, duine breá Tuathal ach Gráinne! Yakatí yak yak ó mhaidin go hoíche.

Tarbh

Bhal, cuirfidh an Nathair Nimhe deireadh lena cuid Yakatí yak yak nuair a gheobhaidh sé greim uirthi. Anois imigh leat. Hóigh, a fheara, dóigí an teach anois agus imeoidh muid. Tá lear rudaí beaga le heagrú againn.

Téann fear isteach go dtí an teach agus ansin ritheann sé amach.

Goitsigí.

Imíonn siad ar dheis. Tagann Gráinne agus Tuathal amach.

Gráinne

Isteach leat go tapaigh agus cuir as an tine.

Ritheann Tuathal isteach. Amharcann Gráinne amach ar dheis. Tagann Tuathal amach agus é ag casachtach. Tá a aghaidh dubh le toit.

Tuathal

Bomaite amháin eile agus bheinn rómhall.

Gráinne

D'imigh siad leis an ór.

Tuathal

Bhal, níl neart ar sin anois. Tá sé chomh réidh againn dearmad a dhéanamh den áit seo anois.

Gráinne

Tá ór anseo.

Tuathal

Tá sé róchontúirteach anois. Cibé ar bith, cad é an dóigh a bhfuil muid chun é a bhaint ón talamh? Le mo dhá lámh? Níl uirlisí ar bith fágtha. Dá gcoinneofá an t-ór sin i do lámh bheadh muid i gceart.

Gráinne

Is agatsa a bhí sé.

Tuathal Ó, bhal ! Níl sé agam anois.

Gráinne Ní thig leat a dhath a dhéanamh i gceart.

Tuathal Nach bhfaca tú na diabhair Indians?

Déanann sé fuaim na nIndiach.

Wow, wow, woo...Sílím gurbh fhearr leatsa dá mbeinnse marbh agus an píosa óir agat.

Níl focal ó Gráinne. Amharcann Tuathal uirthi.

An bhfuil mé...

Cluinimid scairt amuigh.

Custer Woah!

Tuathal Ó, oh!

Ritheann an bheirt ar chlé. Tagann Custer agus Scabhta isteach.

Custer Fanaigí. An bhfaca sibh Sioux ar bith?

Tuathal Chonaic muid na mílte acu.

Custer Lig tú ar shiúl iad?

Tuathal Lig mé...cé thusa?

Custer An Ginearál Seoirse Armstrong Custer.

Gráinne Chuala muid fá dtaobh duit.

Tuathal Chuala. Tá dúil mhór ag na hIndians ionatsa, a dhiúlaiigh.

Custer Tabhair Ginearál orm.

Tuathal Ó, tá tusa maith. Tá an boc seo maith, a Ghráinne.

Gráinne A Thuathail, druid do bhéal.

Tuathal Eh!

Gráinne Ná tabhair aird ar bith air. Éist liom, a Ghinearáil, thóg na Sioux leo rud éigin amach as an teach agus ba mhaith liom é a fháil ar ais.

Custer Cad é a bhí ann?

Gráinne Arú...

Tuathal Píosa mór óir a bhí ann.

Níl Gráinne sásta leis.

Gráinne Píosa beag go díreach.

Custer Agus tá tú ag insint seo domsa...mar?

Gráinne Mar tá mé ag iarraidh ort dul agus é a fháil ar ais dúinn.

Custer Cheyenne Jack, ar chuala tú sin. Tá an bhean seo ag iarraidh ormsa, an Ginearál Seoirse Armstrong Custer dul agus píosa beag óir a bhaint de Sitting Bull.

Tosaíonn an bheirt ag gáire.

Jack B'fhéidir dá gcuirfeá ceist air go dtabharfadh sé duit é.

Custer Sin an rud a dhéanfas mé. An chéad uair a bhuailim le Sitting Bull cuirfidh mé an cheist sin air.

Pléascann an gáire astu arís.

Jack Sea. Ó, a Sitting Bull, gabh mo leithscéal ach ar mhiste leat an píosa beag óir sin a thabhairt ar ais dom?

Tuilleadh gáire.

Custer Is fear gnóitheach mé, a ghirsigh. Níl fáil agamsa a bheith i mo rith thart ag déanamh teachtaireachtaí beaga d'achan bhacach a chastar orm.

Jack Is laoch atá san fhear seo. Nár léigh tú fá dtaobh dó sa pháipéar.

Tuathal Bhal, sin an rud anois, ní bhfuair muid páipéar maidin inniu. Ní raibh ceann ar bith fágtha sa tsiopa. Cheannaigh na hIndians iad uilig.

Tosaíonn Gráinne ag gáire.

Custer Fear cliste eh? Huh. Is dóiche nach mbeadh sibhse ábalta páipéar a léamh cibé.

Gráinne Éist thusa liomsa, Custard...

Custer Custer.

Gráinne Custer, Custard, cad é an difear? Chaill muidinne achan rud anseo.

Custer Cad é a bhí agaibh le cailleadh? Cúpla sluasaid agus barra rotha?

Tagann Sáirsint isteach.

Sáirsint A Ghinearáil, chonaic na scabhtaí scaifte de na Sioux.

Custer Cén bealach a bhfuil siad ag dul?

Sáirsint Tá siad ag dul i dtreo an Little Big Horn.

Custer An bhfuil na fir uilig réidh?

Sáirsint Tá, a Ghinearáil.

Custer Scairt isteach ar an Chaptaen Benteen.

Cúirtéis ón sáirsint agus amach leis.

Tuathal Ná gabhaigí a chóir an Little Big Horn.

Custer Cad chuige?

Tuathal Mar chuala muidinne na hIndians ag caint.

Custer Ar chuala tú sin, a Jack? Chuala siad na hIndians ag caint.

Jack Cad é a bhí siad ag rá? Woo, woo, woo.

Gáire on bheirt.

Tuathal Tá mé ag insint daoibh, beidh luíochán romhaibh.

Custer

Tá scabhtaí den chuid is fearr againne, a dhiúláigh. Níl Indians ar bith ar an Little Big Horn.

Tagann an Captaen isteach.

Benteen

A Ghinearáil, chuir tú fá mo choinne?

Custer

Á, a Chaptaen Benteen, tabhair thusa leat scaifte saighdiúirí agus téigh thart ar an Little Big Horn. Fanaigí ar an taobh ó thuaidh. Rachaidh mise díreach isteach ón taobh ó dheas agus cuirfidh mé na Sioux a reáchtáil bealach s'agatsa.

Keogh

Gabh mo leithscéal, a Ghinearáil, ach ní shílím gur idé mhaith atá ann muid a scoilteadh óna chéile. Go háirithe san áit ina bhfuil muid.

Custer

Sin an fáth gur Captaen atá ionatsa agus gur Ginearál atá ionamsa. Anois, thug mé ordú duit.

Keogh

Ah, a Ghinearáil...

Custer

Lean ar aghaidh.

Amach leis an Chaptaen.

Anois múna bhfuil Sioux ar bith thart anseo is fearr dúinne a bheith ar shiúl.

Gráinne

An bhfuil sibh chun muidinne a fhágáil anseo?

Custer

Tá. Goitse a Jack, rachaidh muid chuig an Little Big Horn.

Imíonn siad.

Tuathal

Maróidh na Sioux an boc sin.

Gráinne

Tá súil agam. Ó, tá súil agam. Ó, bhal, tá sé chomh réidh againn imeacht fosta.

Tuathal

Sin an dóigh. Maith thú, a Ghráinne. An bhfuil muid ag dul ar ais chun na nDúnaibh?

Gráinne

Níl. Tá muid dul leis na Sioux a leanúint. Caithfidh muid an t-ór a fháil ar ais.

Tuathal

Ag magadh atá tú. Tá an t-ór ag Sitting Bull.

Gráinne

Caithfidh muid é a fháil ar ais uaidh.

Tuathal

Cad é a dúirt tú? Ar ais uaidh? Cé atá ag dul a dhéanamh sin? Ná bí ag amharc ormsa. A Ghráinne, seasfaidh mé m'fhód an t-am seo. Níl mise ag dul áit ar bith cóngarach do na Sioux.

Soilse.

Radharc 2

Campa Na Sioux. Cluinimid na drumaí. Tá Wig-Wam ar dheis. Tá cláí ar chlé. Tá an t-ór ar stól i lár an urláir. Tchímid cloigne Thuathail agus Ghráinne agus téann siad síos ar ais ar chúl an chlaí. Ta Sitting Bull ina shuí ar an talamh in aice an wig-wam. Tá Indians ina suí anseo is ansiúd. Tagann an Seabhac Donn isteach. Tá Totem ar chúl.

Seabhac

How.

Tarbh

How.

Seabhac

A Sitting Bull, tá Custer agus a chuid saighdiúirí ag tarraingt ar an Little Big Horn.

Seasann Sitting Bull.

Tarbh

Is maith sin. An bhfuil mórán acu ann?

Seabhac

Tá dhá ghrúpa acu ann. Ceann amháin ó thuaidh agus an ceann eile ó dheas.

Tarbh

Cén grúpa ina bhfuil Custer?

Seabhac

An grúpa ó dheas. Tá os cionn dhá chéad saighdiúir leis.

Tarbh

Maith go leor. Tá obair mhaith déanta agat. A Leoin Bháin, ar chuala tú sin?

Leon

Chuala.

Tarbh

Imigh thusa agus coinnigh súil ar Chuster.

Leon

Déanfaidh mé sin.

Tarbh

Má athraíonn rud ar bith tar díreach ar ais chugam.

Leon

Maith go leor.

Imíonn sé. Tagann Buffalo Cróga amach as an Wig-Wam. Is Draoi atá ann. Ceolann sé. Ceolann na hIndians leis.

Buffalo

Huy ya hay ya, Huy ya hay ya.
Huy ya hay ya, Huy ya hay ya.

Huy ya hay ya, Huy ya hay ya.
Yaaaaaaaah!

Siúlann sé anonn chuig Sitting Bull.

Chonaic mé an ghealach ag titim ar Chuster.

Uilig Huy ya hay ya.

Buffalo Chonaic mé na réalta ag titim ar Chuster.

Uilig Huy ya hay ya.

Buffalo Chonaic mé an ghrian ag titim ar Chuster.

Uilig Huy ya hay ya.

Buffalo Chonaic mé Custer ag titim.

Uilig Huy ya hay ya. Huy ya hay ya.

*Tosaíonn siad ag damhsa. Tagann cloigne Thuathail agus Ghráinne aníos ó chúl an chlaí.
Diríonn Gráinne a méar ar an ór. Croitheadh cinn ó Thuathal. Síos leo.*

Huy ya hay ya. Huy ya hay ya.

Tagann an Giorria Liath isteach. Tchíonn Sitting Bull é agus cuireann sé deireadh leis an cheol.

Tarbh Suígí. How.

Giorria How.

Tarbh Cad é an scéal, a Ghiorria Liath?

Giorria Tá na Cheyenne anseo anois, a Sitting Bull.

Tarbh Scéal maith. An bhfuil an Capall Mire leo?

Giorria Tá. Tá sé ag iarraidh bualadh leat.

Tarbh Scairt isteach é.

Giorria A Chapail Mhire, tar isteach.

Tagann an Capall Mire isteach.

<u>Capall</u>	How.
<u>Tarbh</u>	How. is deas tú a fheiceáil, a Chapail Mhire.
<u>Capall</u>	Chuala mé go raibh Custer sa cheantar.
<u>Tarbh</u>	Chuala tú an fhírinne. Tá sé ar an Little Big Horn.
<u>Capall</u>	is fada an lá mé ag fanacht ar an fhear sin. Mharaigh sé mo dheartháir, an Citeal Dubh. Rinne sé slad ar a dhream uilig. níor fhág sé páiste nó bean beo ina dhiaidh.
<u>Uilig</u>	Huy ya hay ya. Huy ya hay ya.
<u>Capall</u>	Sin an fáth go bhfuil sé anseo. Síleann sé nach bhfuil ach scaifte beag de na Sioux anseo agus go mbeidh sé furasta dó slad eile a dhéanamh.
<u>Uilig</u>	Bhal, tá na Sioux uilig anseo. Tá na hArapahoe anseo agus anois tá na Cheyenne anseo.
<u>Capall</u>	Tá, agus fonn troda orainn uilig. Éirígí a chairde, ní chuirfidh muid bomaite amháin amú.

Éiríonn na hIndians.

<u>Uilig</u>	Huy ya hay ya. Huy ya hay ya.
<u>Capall</u>	Ná taispeáin trócaire ar bith. Maraígí achan saighdiúir. Maraígí achan scabhta. Maraígí achan uile dhuine de na fir gheala.
<u>Uilig</u>	Huy ya hay ya. Huy ya hay ya.
<u>Capall</u>	Fágaigí Custer agamsa. Beidh a chuid gruaige crochta ar mo shleá anocht. Bás do Chuster.
<u>Uilig</u>	Bás do Chuster. Huy ya hay ya. Huy ya hay ya.
<u>Capall</u>	Bás do na saighdiúirí uilig.
<u>Uilig</u>	Bás do na saidhdiúirí uilig. Huy ya hay ya. Huy ya hay ya.
<u>Tarbh</u>	A Bhuffalo Chróga, déan an damhsa.

Tosaíonn an damhsa. Suíonn Buffalo is é ag amharc amach ar chlé i néal.

Uilig Huy ya hay ya. Huy ya hay ya.

Téann siad thart cúpla uair agus ansin amach ar chlé. Seasann Tuathal agus Gráinne. Níl bogadh as Buffalo.

Tuathal Sin é, tá mise ar shiúl. Tá na boic sin ag dul ar mire.

Gráinne Faigh an t-ór ar dtús.

Tuathal Má shíleann tusa go bhfuil mise ag dul anonn ansin le sin a thógáil! Huh. Tá mise ag iarraidh mo chuid gruaige a choinneáil.

Gráinne Níl mise ag imeacht gan é.

Tuathal Bhal tá mise.

Gráinne Gheobhaidh mise é.

Tuathal Ó, maith go leor. Ach, má thagann na hIndians isteach ní labhróidh mé leat níos mó.

Buffalo Huy ya hay ya, Huy ya hay ya.

Gráinne Éist!

Déanann Tuathal iarracht dul ar ais sa díog.

Gabh anonn agus faigh an t-ór.

Tógann Tuathal an t-ór. Buaileann sé buicéad lena chos.

Tuathal Oops!

Éiríonn Buffalo le driopás. Tiontaíonn Tuathal. Tá an bheirt srón le srón.

Bhal...tá tráthnóna deas ann nach bhfuil?
Bhí me go díreach...

Ligeann Buffalo scread as.

Buffalo HUUUUUY yaaaaaaa!

Buaileann Tuathal é leis an ór. Titeann Buffalo. Léimeann Tuathal sa mhullach air. Tá sé ar tí é a bhualadh arís nuair a thagann na hIndians uilig isteach arís.

Tuathal Cad é mar atá sibh uilig?...Eh...thit an boc.

Tógann Sitting Bull agus an Capall Mire Buffalo.

Capall Huy ya hay ya, Huy ya hay ya.

Uilig Huy ya hay ya, Huy ya hay ya.

Tarbh Tabhair dom an t-ór.

Tuathal Is liomsa é.

Capall Graaaaaahhhhaaaaaa!

Tugann Tuathal an t-ór dó.

Tarbh Ceangail don Totem é, a Choinín Bháin.

Coinín Ceanglóidh. Goitse, a dhiúlaigh, tá tusa ag teacht liomsa.

Tuathal Tá cineál deifir orm.

Faigheann an Coinín agus cuid acu greim ar Thuathal. Ceanglaíonn siad Tuathal.

Coinín An dtig liomsa a chuid gruaige a bheith agam, a Sitting Bull?

Capall Fág a chuid gruaige, tá sé de dhíobháil ormsa.

Tuathal Tá sé de dhíobháil ormsa fosta.

Capall Beidh do chuid gruaige agamsa. Amharcfaidh sé deas i mo Wig-Wam in aice le cuid gruaige Chuster.

Tuathal Cóireoidh sin mo chuid Dandruff.

Capall Graaaaaahhhhaaaaaa.

Uilig Huy ya hay ya, Huy ya hay ya!

Siúlann Sitting Bull anonn in aice leis.

Tarbh Ór? Dhéanfadh sibhse rud ar bith le hé a fháil. Is cuma liomsa faoin ór. Tá bocsa óir ansin agam.

Osclaíonn sé bocsa agus cuireann sé an t-ór ann. Tógann sé píosa eile.

Cad é atá ann ach carraigeacha buí.

Siúlann Capall anonn chuig Tuathal.

Capall Ní bheidh maitheas ar bith san ór duitse, a ghasúir.

Baineann sé an hata de Thuathal.

Ní bheidh seo de dhíth ort níos mó. Haa haa.

Seasann sé ar an hata. Cluinimid fuaim chatha.

Tarbh Ta an troid tosaithe. Deifrígí. Bás do Chuster.

Ritheann siad uilig amach ag screadach.

Capall Beidh mé ar ais.

Tuathal Ná bíodh deifir ar bith ort.

Capall Bás do Chuster.

Imíonn an Capall Mire.

Buffalo Ó, mo chloigeann.

Suíonn sé ar an díog. Seasann Gráinne agus buaileann sí le bata é. Titeann sé.

Tuathal Maith thú, a Ghráinne. Beidh tinneas cinn ar Buffalo bocht ar maidin.

Téann Gráinne anonn agus tógann sí an t-ór ón bhocsa.

Tuathal Déan deifir, a Ghráinne, scaoil saor mé.

Téann Gráinne ar chlé agus amharcann sí amach.

Cad é atá tú a dhéanamh? Déan deifir a dúirt mé. Beidh siad ar ais.

Scairteann Gráinne.

Gráinne A Sheoirse, cá bhfuil tú?

Cluinimid scairt.

Custer Tá mé anseo.

Tagann Custer isteach is hata Meicsiceach air.

Á, a Ghráinne tá tú anseo?

Gráinne Tá, a chroí.

Tuathal Eh?

Custer An bhfuair tú an t-ór?

Gráinne Fuair mé mo chuid féin agus lán bocsa ann fosta. Tá muid saibhir, a Sheoirse.

Tuathal A Ghráinne, cad é atá ag dul ar aghaidh anseo? Custer, shíl mise go raibh tusa ar an Little Big Horn.

Custer Cad é a shíleann tú anois? Tá deartháir de mo chuid ansin agus mo chuid éadaí air. Síleann na Sioux go bhfuil mise ansin fosta. Ní mhairfidh an troid i bhfad, a Ghráinne. Is fearr dúinne a bheith ar shiúl.

Tuathal Cá bhfuil sibh ag dul?

Custer Go Mehico.

Tuathal A Gráinne, ní thig leat seo a dhéanamh.

Gráinne Slán a Thuathail.

Custer Tatee by.

Imíonn siad. Scairteann Tuathal amach os ard.

Tuathal Sitting Bull.

Soilse.